

An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12998/25

EF 291
ECOFIN 1207
DELECT 135

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	17 Meán Fómhair 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2025) 6032 final
Ábhar:	CINNEADH TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 17.9.2025 maidir le hathnuachan an chinnidh i dtaobh an chórais sócmhainneachta atá i bhfeidhm sa Bhrasaíl, go bhfuil sé coibhéiseach go sealadach leis an gcóras sa tSeapáin agus i Meicsiceo is infheidhme maidir le gnóthais a bhfuil a gceannoifig sna tríú tíortha sin coibhéiseach go sealadach leis an gcóras a leagtar síos i dTeideal I, Caibidil VI de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 6032 final.

Faoi iamh: C(2025) 6032 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.9.2025
C(2025) 6032 final

CINNEADH TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 17.9.2025

maidir le hathnuachan an chinnidh i dtaobh an chórais sócmhainneachta atá i bhfeidhm sa Bhrasaíl, go bhfuil sé coibhéiseach go sealadach leis an gcóras sa tSeapáin agus i Meicsiceo is infheidhme maidir le gnóthais a bhfuil a gceannoifig sna tríú tíortha sin coibhéiseach go sealadach leis an gcóras a leagtar síos i dTeideal I, Caibidil VI de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá feidhm ag Cinneadh Tarmligthe (AE) 2015/2290 ón gCoimisiún¹ lena ndeonaítear coibhéis shealadach faoi Airteagal 227 de Shócmhainneacht II don Bhrasaíl agus do Mheicsiceo agus Cinneadh Tarmligthe (AE) 2016/310 ón gCoimisiún lena ndeonaítear coibhéis shealadach faoi Airteagal 227 de Shócmhainneacht II don tSeapáin² ó bhí an 1 Eanáir 2016 ann agus rachaidh siad in éag an 1 Eanáir 2026.

De réir Airteagal 227(6) den Treoir Sócmhainneacht II³: *‘beidh coibhéis shealadach faoi réir athnuachana ar feadh tréimhsí breise 10 mbliana i gcás ina leanfar de na critéir dá dtagraítear i mír 5 a chomhlíonadh. Glacfaidh an Coimisiún aon ghníomh tarmligthe den sórt sin i gcomhréir le hAirteagal 301a agus le cúnamh ó ÚEÁPC i gcomhréir le hAirteagal 33(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010’.*

In 2024, fuair an Coimisiún cúnamh ón Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) le haghaidh na Brasaíle, Mheicsiceo agus na Seapáine, agus tháinig ÚEÁPC ar an gconclúid maidir leis na coinníollacha ar ghlac an Coimisiún an Cinntí Tarmligthe uaidh in 2015 ar a mbonn, go bhfuil siad á gcomhlíonadh fós. Athdhearbhaítear agus nuashonraítear na ráitis fhíorasacha sin sa Chinneadh Tarmligthe ón gCoimisiún atá ann faoi láthair.

Leis an gCinneadh Tarmligthe seo ón gCoimisiún, déantar an choibhéis shealadach le haghaidh na Brasaíle, na Seapáine agus Mheicsiceo a athnuachan ar feadh tréimhse 10 mbliana ón 1 Eanáir 2026.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

An Cinneadh Tarmligthe seo ón gCoimisiún mar a cheanglaítear leis na treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, foilsíodh é le haghaidh aiseolas ‘Cloisimis uait’ agus fuarthas aighneacht ó dhá pháirtí leasmhara a thug tacaíocht don ghníomhaíocht arna moladh. Rinne seirbhísí an Choimisiúin anailís ar na barúlacha a fuarthas agus tháinig siad ar an gconclúid gur féidir leis dul ar aghaidh leis an gcinneadh maidir le coibhéis shealadach a athnuachan faoi Airteagal 227 den Treoir maidir le Sócmhainneacht II don Bhrasaíl, do Mheicsiceo agus don tSeapáin. Chuathas i gcomhairle le saineolaithe ó na Ballstáit tríd an Sainghrúpa maidir le Baincéireacht, Íocaíochtaí agus Árachas an 4 Meitheamh 2025.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Baineann Airteagal 227 de Shócmhainneacht II leis an gcoibhéis le haghaidh árachóirí tríú tír atá mar chuid de ghrúpaí a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas Eorpach.

¹) Cinneadh Tarmligthe (AE) 2015/2290 ón gCoimisiún an 5 Meitheamh 2015 maidir le coibhéis shealadach na gcóras sócmhainneachta atá i bhfeidhm san Astráil, sa Bhrasaíl, i gCeanada, i Meicsiceo agus sna Stáit Aontaithe agus is infheidhme maidir le gnóthais árachais agus athárachais a bhfuil ceannoifigí acu sna tíortha sin (IO L 323, 9.12.2015, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_del/2015/2290/oj).

² Cinneadh Tarmligthe (AE) 2016/310 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2015 maidir le coibhéis an chórais sócmhainneachta le haghaidh gnóthais árachais agus athárachais atá i bhfeidhm sa tSeapáin leis an gcóras a leagtar síos i dTreoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle C/2015/8147, IO L 58, 4.3.2016, lgh. 55–58

³ Téacs comhdhlúite: Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais, agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (athmhúnlú) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) Téacs atá ábhartha maidir le LEE EUR-Lex - 02009L0138-20240109 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

Soiléirítear le hAirteagal 227(6)⁴ den Treoir ‘Sócmhainneacht II’ go mbeidh ‘coibhéis shealadach faoi réir athnuachana ar feadh tréimhsí breise 10 mbliana i gcás ina leanfar de na critéir dá dtagraítear i mír 5 a chomhlíonadh’.

⁴ Idem 2

CINNEADH TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 17.9.2025

maidir le hathnuachan an chinnidh i dtaobh an chórais sócmhainneachta atá i bhfeidhm sa Bhrasáil, go bhfuil sé coibhéiseach go sealadach leis an gcóras sa tSeapáin agus i Meicsiceo is infheidhme maidir le gnóthais a bhfuil a gceannoifig sna tríú tíortha sin coibhéiseach go sealadach leis an gcóras a leagtar síos i dTeideal I, Caibidil VI de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais, agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II)⁵, agus go háirithe Airteagal 227(6) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gCinneadh Tarmligthe (AE) 2015/2290 ón gCoimisiún⁶ agus Cinneadh Tarmligthe (AE) 2016/310⁷ ón gCoimisiún, cinneadh i dtaobh an chórais sócmhainneachta atá i bhfeidhm sa Bhrasáil, sa tSeapáin agus i Meicsiceo agus a bhfuil feidhm aige maidir le gnóthais árachais agus athárachais a bhfuil ceannoifigí acu sna tríú tíortha sin, go bhfuiltear lena mheas mar chóras atá coibhéiseach go sealadach leis an gcóras a leagtar síos i dTeideal I, Caibidil VI de Threoir 2009/138/CE. Deonaíodh na coibhéisí sealadacha sin ón 1 Eanáir 2016 agus ar feadh tréimhse 10 mbliana. Le hAirteagal 227(6), an dara fómhír de Threoir 2009/138/CE, déantar foráil maidir leis an deis an choibhéis shealadach sin a athnuachan ar feadh tréimhse breise 10 mbliana, ar choinníoll go leanfar de na critéir a leagtar síos in Airteagal 227(5) den Treoir sin a chomhlíonadh agus ar choinníoll go nglacfaí gníomh tarmligthe ón gCoimisiún chuige sin. Ina theannta sin, tá an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde ('ÚEÁPC') le cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus cinneadh den sórt sin á dhéanamh aige.

⁵ Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais, agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II IO L 335, 17.12.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/138/oj>).

⁶ Cinneadh Tarmligthe (AE) 2015/2290 ón gCoimisiún an 5 Meitheamh 2015 maidir le coibhéis shealadach na gcórais sócmhainneachta atá i bhfeidhm san Astráil, i mBeirmiúda, sa Bhrasáil, i gCeanada, i Meicsiceo agus sna Stáit Aontaithe agus is infheidhme maidir le gnóthais árachais agus athárachais a bhfuil ceannoifigí acu sna tíortha sin (IO L 323, 9.12.2015, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_del/2015/2290/oj).

⁷ Cinneadh Tarmligthe (AE) 2016/310 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2015 maidir le coibhéis an chórais sócmhainneachta le haghaidh gnóthais árachais agus athárachais atá i bhfeidhm sa tSeapáin leis an gcóras a leagtar síos i dTreoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 58, 4.3.2016, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_del/2016/310/oj).

- (2) Sa Bhrasaíl, ceanglaítear le Dlí Foraithe Árachais Uimh. 73/1966 ar árachóirí, a n-oibleagáidí uile a ráthú, forálacha teicniúla, cistí speisialta agus forálacha a bhunú i gcomhréir leis na critéir arna mbunú ag Conselho Nacional de Seguros Privados - (CNSP) [Comhairle Náisiúnta Árachais Phríobháidigh]. Faoi Rún 3162/2014 ó CNSP, is é an tsuim is airde idir an Bonn Caipitil agus an Caipiteal Riosca an tíoscheanglas Caipitil atá ag teastáil. Méid seasta is ea an Bonn caipitil atá nasctha leis an gcineál eintitis agus leis na réigiúin inar údaraíodh é chun oibriú, chomh maith leis an gCaipiteal Riosca, arb é atá ann suim na gceanglas caipitil le haghaidh rioscaí frithgheallta, creidmheasa, oibriúcháin agus margaidh. I gcás fhormhór na n-árachóirí, tá an Caipiteal Riosca níos airde ná an Bonn Caipitil, dá bhrí sin is é sin an tíoscheanglas Caipitil. Le Rún 432/2021 ó CNSP, bunaítear na rialacha maidir le samhail inmheánach a úsáid mar mhalairt ar fhoirmle chaighdeánach chun an tíoscheanglas Caipitil a ríomh. Tá feidhm ag íoscheanglais rialachais chorparáidigh. Ní mór rialuithe inmheánacha a bheith ag árachóirí ar a ngníomhaíochtaí, ar a gcórais faisnéise agus ar chomhlíonadh na gceanglas dlíthiúil. Is é an Superintendência de Seguros Privados (SUSEP) atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar thionscal árachais na Brasaíle. Feidhmíonn SUSEP faoin Aireacht Airgeadais mar chomhlacht feidhmiúcháin na rialachán arna leagan síos ag CNSP. Tá údarás neamhspleách ag a chomhairle bainistíochta beartais ghinearálta SUSEP a bhunú maidir le rialáil agus comhlíonadh rúin CNSP laistigh dá réimse inniúlachta. Ceanglaítear ar árachóirí sonraí maidir le caipiteal, sócmhainní, dliteanais, ioncam agus caiteachas a chur faoi bhráid SUSEP ar bhonn míosúil, chomh maith le mionsonraí na n-oibríochtaí, an clár comhardaithe, cuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn ráithiúil. Ní mór d'árachóirí a ráitis airgeadais a fhoilsiú freisin, ina bhfuil faisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil. Féadfaidh SUSEP comhaontuithe a dhéanamh agus faisnéis a mhalartú le húdaráis mhaoriseachta eachtracha agus is sínitheoir é le MMT IAIS ó bhí 2014 ann. Ní fhéadfar faisnéis a úsáid ach amháin chun críoch maoirseachta laistigh de raon feidhme fheidhmeanna maoirseachta SUSEP. Thairis sin, an fhaisnéis a fhaightear ó údarás eile, ní úsáidtear í ach amháin chun críocha na hiarrata sin. Tá foireann SUSEP agus iarfhoireann SUSEP faoi cheangal rúndachta de réir dlí.
- (3) I Meicsiceo, an t-acht lena leagtar síos creat stuamachta árachais athbhreithnithe, Ley de Instituciones de Seguros y de Fianzas (LISF), tháinig sé i bhfeidhm an 4 Aibreán 2015. Faoi LISF, tá feidhm ag an gCeanglas maidir le caipiteal Sócmhainneachta, lena gcumhdaítear rioscaí frithgheallta agus rioscaí airgeadais agus contrapháirtí. Déantar tástálacha struis uair sa bhliain ar a laghad (tástáil sócmhainneachta dinimiciúla). I gcóras Mheicsiceo, ceadáítear foirmle chaighdeánach nó samhail inmheánach a úsáid chun an Ceanglas maidir le caipiteal Sócmhainneachta a ríomh. Is é an Comisión Nacional de Seguros y Fianzas (CNSF) atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar árachóirí saoil agus neamhshaoil i Meicsiceo. Tá cumhacht neamhspleách aige ceadúnas gnóthas árachais a cheadúnú nó a tharraingt siar. Ní mór d'árachóirí sonraí maidir lena n-eagrú, a n-oibríochtaí, a gcuntasáíocht, a n-infheistíocht agus a gcaipiteal a thuairisciú do CNSF ar bhonn ráithiúil ar a laghad. Ní mór d'árachóirí a gcuspóirí, a mbeartais agus a gcleachtais maidir le coinneáil, aistriú nó maolú riosca a nochtadh freisin, agus ní mór dóibh faisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil a fhoilsiú maidir lena n-oibríochtaí, lena staid theicniúil agus airgeadais agus lena rioscaí. Féadfaidh CNSF dul i gcomhar le maoirseoirí eachtracha agus faisnéis a mhalartú leo má tá comhaontú malartaithe faisnéise ann. Tá roinnt comhaontuithe den sórt sin i bhfeidhm agus tá CNSF ina shínitheoir le MMT IAIS ó bhí 2014 ann. I gcás ina bhfuil comhaontú malartaithe faisnéise ann idir CNSF agus maoirseoirí eachtrach, ní mór do CNSF toiliú roimh ré a iarraidh ar an maoirseoirí eachtrach sula nochtfar an fhaisnéis a

sholáthair sé. Níl cead ag foireann CNSF agus ag iarfhóireann CNSF faisnéis rúnda a nochtadh. Leagtar síos ceanglais maidir le rúndacht ghairmiúil sa dlí náisiúnta agus cuirtear smachtbhannaí i bhfeidhm mar gheall ar aon nochtadh rún gairmiúil.

- (4) Sa tSeapáin, is san Acht um Ghnó an Árachais agus sa Reacht um Ghnó an Árachais a leagtar síos córas sócmhainneachta na Seapáine. Tá maoirseoir árachais neamhspleách ag an tSeapáin ag a bhfuil na cumhachtaí agus na hacmhainní is gá chun a chúraimí a chur i gcrích, mar atá, Gníomhaireacht Seirbhísí Airgeadais na Seapáine (JFSA). Tá JFSA ag obair ar thabhairt isteach an chórais nua sócmhainneachta atá bunaithe ar Chóimheas Sócmhainneachta bunaithe ar Luach Eacnamaíoch le ríomh sócmhainneachta bunaithe ar an gcóras nua, agus cuirfear tús leis an gcóras sin go héifeachtach sa bhliain fhioscach dar críoch an 31 Márta 2026. Ní mór d'árachóirí agus d'athárachóirí ábhar tuairiscithe fairsing a chur faoi bhráid JFSA, agus tá cumhachtaí fadréimseacha ag JFSA chun árachóirí agus athárachóirí a bhfuil deacrachtaí acu a athstruchtúrú nó a fhoirceannadh. I gcás gnóthais saoil agus gnóthais neamhshaoil araon, is féidir idirghabháil mhaoirseachta a spreagadh le trí thairseach éagsúla, a shainmhínítear mar 'Chóimheasa Corrlaigh Sócmhainneachta' éagsúla, arna sloinneadh mar chóimheas idir dhá oiread na gcistí dílse arna roinnt ar cheanglas caipitil ar a dtugtar an 'Riosca Iomlán'. Cumhdaítear leis an méadracht 'Riosca Iomlán' rioscaí frithgheallta, rioscaí ráta úis agus margaidh, riosca oibriúcháin agus an riosca tubaiste. Glactar le samhlacha inmheánacha le haghaidh rioscaí tubaiste agus rioscaí íosráthaíochta. Tá sé de chumhacht ag JFSA bearta feabhais áirithe a fhorchur fiú mura sáraítear an tairseach is airde le haghaidh idirghabháil maoirseachta, lena n-áirítear trí cheangal a chur ar árachóirí bearta a ghlacadh chun a mbrabúsacht, a riosca creidmheasa, a gcobhsaíocht nó a riosca leachtachta a fheabhsú. I gcás ina mbeidh an Cóimheas Corrlach Sócmhainneachta faoi bhun 0 %, féadfaidh JFSA a ordú go ndéanfar an gnó a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach. Tá JFSA ina shínitheoir freisin le MMT IAIS ó bhí mí an Mheithimh 2011 ann. An 30 Eanáir 2023, shínigh ÚEÁPC creat comhair le JFSA maidir le comhar i réimse na maoirseachta árachais. Tá foireann JFSA faoi réir diancheanglais rúndachta gairmiúla. Tugann rialacha agus cleachtais JFSA cosaint leordhóthanach d'fhaisnéis rúnda a sholáthraíonn maoirseoirí eachtracha. Ceanglaítear ar gach ball foirne reatha de JFSA nó gach iar-bhall foirne de JFSA aon fhaisnéis a fhaigheann siad agus iad i mbun a ndualgas a choinneáil faoi rún. Mar thoradh ar nochtadh neamhúdaraíthe sonraí, is féidir smachtbhannaí araíonachta, imscrúduithe coiriúla agus pionós a chur i bhfeidhm. Maidir le faisnéis a fhaightear ó mhaoirseoirí eachtracha agus a léirítear gur faisnéis rúnda í, caitear léi dá réir sin agus ní úsáidfear í ach amháin chun na gcríoch a comhaontaíodh leis an maoirseoir eachtrach.
- (5) Ar bhonn an chúnaimh ó ÚEÁPC agus i bhfianaise na gceanglas sócmhainneachta is infheidhme sa Bhrasaíl, sa tSeapáin agus i Meicsiceo, is léir go leantar de na critéir a leagtar síos in Airteagal 227(5) de Threoir 2009/138/CE a chomhlíonadh leis na córais sócmhainneachta atá i bhfeidhm sa Bhrasaíl, sa tSeapáin agus i Meicsiceo a bhfuil feidhm acu maidir le gnóthais a bhfuil a gceannoifig sa tríú tír sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, athnuachan a dhéanamh ar an gcinneadh, a leagtar síos i gCinneadh Tarmligthe (AE) 2015/2290/CE agus Cinneadh Tarmligthe (AE) 2016/310, go bhfuil na córais sócmhainneachta sin coibhéiseach go sealadach leis an gcóras sin a leagtar síos i dTeideal I, Caibidil VI de Threoir 2009/138/CE. Féadfaidh an Coimisiún, áfach, athbhreithniú sonrach a dhéanamh tráth ar bith i gcás inar gá, de bharr forbairtí ábhartha, athmheasúnú a dhéanamh ar an gcoibhéis a chinntear leis an gCinneadh seo, lena n-áirítear forbairtí idirnáisiúnta. D'fhéadfadh leasú nó aisghairm an Chinnidh seo a bheith mar thoradh ar athbhreithnithe tráthrialta nó sonracha den sórt sin. Dá bhrí

sin, ba cheart don Choimisiún leanúint d'fhaireachán a dhéanamh, le cúnamh ó ÚEÁPC, ar éabhlóid na gcóras sócmhainneachta atá i bhfeidhm sa Bhrasaíl, sa tSeapáin agus i Meicsiceo agus ar chomhlíonadh na gciomníollacha ar ar a mbonn a glacadh an Cinneadh seo.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na córais sócmhainneachta atá i bhfeidhm sa Bhrasaíl, sa tSeapáin agus i Meicsiceo agus is infheidhme maidir le gnóthais árachais agus atharachais a bhfuil ceannoifigí acu sna tríú tíortha sin, déanfar iad a mheas i gcónaí mar chórais atá coibhéiseach go sealadach leis an gcóras a leagtar síos i dTeideal I, Caibidil VI, de Threoir 2009/138/CE.

Airteagal 2

Deonaítear athnuachan ar an gcoibhéis shealadach ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2035.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17.9.2025

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN